## TÉIGH I DTEAGMHÁIL LINN

Is féidir leat fanacht i dteagmháil leis an tionscadal trínár suíomh gréasáin, áit a mbeifear ag postáil nuashonruithe ar an dul chun cinn chomh maith le sonraí faoi na hoibreacha atá ar siúl. Chun tuilleadh fiosrúchán a dhéanamh, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn le ríomhphost nó sa phost ag:


**Bainisteoir Tionscadail FRS Caisleán Na Finne**

**An Oifig Tionscadail: RPS, Ionad Gnó an Chiste Fiontair, Baile Raithin, Leitir Ceanainn, Co Dhún na nGall, F92 AF43**

**Ríomhphost:** castlefinnfrs@rpsgroup.com


## NAISC ÁBHARTHA

**Láithreán Gréasáin:** https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs/

COUNTY DONEGAL
FLOOD RELIEF SCHEMES

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

OPW
Oifig na nOibreacha Poiblí
Office of Public Works

# CAISLEÁN NA FINNE
## Scéim Faoisimh Tuilte


Nuachtlitir Uimh 13
Aibreán 2024


https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs



## CÉN CHÉIM AG A BHFUIL AN TIONSCADAL?

Chuir an RPS an Tuairisc Deiridh de Chéim I den scéim isteach chuig an Ghrúpa Stiúrtha. Cuirfear cáipéisí Chéim I ar fáil ar shuíomh gréasáin an tionscadail go luath.

Tá Líníochtaí Pleanála á bhforbairt ag RPS faoi láthair agus tá talamh á aimsiú a bheidh de dhíth don Scéim mar chuid de thascanna Chéim II (Pleanáil).

I ndiaidh tuile ag acomhal an N15 agus an R235 (taobh amuigh de McGlynns) arís in Eanáir 2024, ghlan Comhairle Contae Dhún na nGall oiread baic agus arbh fhéidir ón tóchar. Mar sin féin, tá drochbhail ar struchtúr an tóchair go fóill. Tá an Grúpa Stiúrtha ag fiosrú tabhairt faoi bhearta sealadacha roimh an scéim nó an tóchar nua atá molta a luathú

## AN ROGHA SCÉIME IS FEARR FRS CHAISLEÁN NA FINNE

Soláthróidh an Rogha Scéime Is Fearr Caighdeán Cosanta (SoP) aon bhliain as céad. Forbraíodh Plean Oiriúnaithe Um Athrú Aeráide agus Plean Intógthachta, Oibríochtaí agus Cothabhála chomh maith. Rinneadh leasuithe beaga ar an Rogha is Fearr Scéime mar gheall ar na pleananna seo.

Tá mionsonraí faoin Rogha Scéime Is Fearr ar fáil ar shuíomh gréasáin Tionscadal FRS Chaisleán na Finne ag:


https://countydonegalfrs.ie/castlefinnfrs/index.php/public-information-day

## IMSCRÚDÚ TALAIMH AGUS SUIRBHÉANNA

D'fhorbair RPS sonraíocht le haghaidh suirbhé topagrafach breise atá de dhíth le tacú le dearadh na Scéime. Cuireadh an suirbhé amach ar tairiscint agus tá measúnú á dhéanamh ar na hiarratais tairsceana faoi láthair.


## MEASÚNACHT TIMPEALLACHTA

Tá measúnacht Timpeallachta ar an Rogha Scéime Is Fearr beagnach curtha i gcrích. D'eisigh an Grúpa Stiúrtha dréacht den Ráiteas Tionchar Natura go ndéanfaí athbhreithniú air go luath i Mí Bealtaine 2023. Cuirfear dréacht-chaibidlí EIAR amach chuig an Ghrúpa Stiúrtha go luath in Aibreán 2024.
Cuireadh suirbhéanna crann maidir le hialtóga agus suirbhéanna maidir le teacht chun cinn ialtóg do dhá fhoirgneamh i Caisleán na Finne i gcrích agus cuireadh an tuairisc deiridh chuig DCC in Eanáir 2024.
Cuireadh cóireáil speiceas ionrach i gcrích i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair mar chuid de chonradh cóireála ilbhlianta. Tabharfaidh an RPS cuairt ar an láthair san earrach chun méid na cóireála atá de dhíth a athbhreithniú mar chuid den chonradh leanúnach.




*An Rogha Scéime is Fearr do Chaisleán na Finne*

## BREAC-CHUNTAS AR CHLAR SCEIM




*Is meastacháin iad ha hamscálaí a thugtar ach d'fhéadfaí iad a athrú. Tá an Fhoireann Tionscadail ag obair go dian le deiseanna a aimsiú tascanna an tionscadail a bhrostú chun moill ar an chlár a mhaolú*

## NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Cuirfear Chéim I den Tionscadal i gcrích gan mhoill agus an tuairisciú réidh ar a náirítear an Tuairisc Mheasúnachta maidir le Tionchar Timpeallachta agus Ráiteas Tionchair Natura don Rogha Scéime Is Fearr agus uaslódáil cáipéisíocht iomlán Chéim I chuig suíomh gréasáin an tionscadail. Chuir RPS tús le Céim II den Tionscadal nuair a iarrfar cead ar an Údarás Pleanála Cuí. Is tascanna leanúnacha iad chun tacú leis seo ná níos mó suirbhéanna a sholáthar, measúnacht ar thionchair úinéirí talaimh agus na cáipéisí pleanála a ullmhú.